Séasur Maiṫ Iascaireaċta

Iarraiḋ mór ar ḃádaí don ḃliain seo ċugainn

Ḃí séasúr maiṫ iascaireaċta ag luċt na slig-éisc, go háiṫrid luċt iascaireaċt gliomaċ agus gliomaċ ṁuire, i mbliana. Cuireaḋ cuid ṁaiṫ níos mó éisc i dtír, agus tá a ṡlioċt air, tá i ḃfad níos mó suim insan ċineál seo iascaireaċta ar an ċósta ṫiar insan am i láṫair.

Go speisialta, tá sé seo le tabairt faoi ndear insan méid ordaiṫe atá ag na bád-ċlósanna ar fud na tíre, fá ċoinne bádaí úra.

Tá an rud céanna fíor fá iascaireaċt na mbradán, agus ḃí séasúr maiṫ i gceart acu, aċ amáin gur ṫit luaċ na mbradán.

Agus mar sin de, tá cuma air go mbeiḋ longċlosanna gnóṫaċ go maiṫ ar feaḋ an Ġeiṁriḋ, agus an Earraċ seo ċugainn.

Ḃí cuid de na daoine a ṫug ordaiṫe do ḃádaí anuraiḋ, agus a d'ḟág mall é, agus fágaḋ san ḟaopaċ iad gan bád fá ċoinniḃ an tséasúir. Daoine atá ag iarraiḋ bádaí fá ċoinniḃ an tséasúr seo ċugainn, b'ḟearrde díoḃa an t-árdú a ċur isteaċ ċom luaṫ géar agus is féidir leo.

I mbliana, ní raiḃ an iascaireaċt ró ṫrom i dtús na bliana, aċ ṫart fá ḋeireaḋ Meiṫeaṁ, d'aṫraig sin uilig. Ag tús séasúr na ngliomaċ d'éirig go maiṫ le cuid iascairí Dún na nGall. Agus fuair siad an luaċ ab' airde le fada an lá ar gliomaí, ar £6 an dosaen.

I gCorcaí Ṫiar, ḋíol iascaire amáin an méid a ċur sé i dtír ar feaḋ ceiṫre lá, agus fuair sé £115 orṫa. Rinne daoine eile £100 agus £80 ar saoṫar ċeiṫre lá.

Ar an Daingean d'aṫraig cuid ṁaiṫ de na báid 500 troig, ó iascaireaċt iasc-ḃán go dtí slig-éisc, agus le 150 potaí giomaċ an bád, ḃí cuid de na tráiléirí seo ag saoṫrú idir £500 agus £600 sa tseaċtain.

I Muigeo Ṫuaiḋ. tógaḋ cuid ṁaiṫ bradán, ag Port Orlainn, Port a Ċluaiḋe, Béal Dearg, Ceaṫrú Ṫaiḋg agus Stonefield, áit a dtug Bord Iascaig Ṁara cablaċ de 21 bádaí gliomaċ amaċ i mbliana, i mí Bealtaine.

Is mór an buntáiste do Port Orlainn an deontas iomlán fá ċoinne forbairt cuan. Atá ḋá ḟáil acu ó Roinn na Gaeltaċta.

Tá suim ṁór ḋá ċur san am i láṫair, ṫart fán ċósta ṫiar ar fad, insan bád nua-inneal do iascaireaċt gliomaċ, bád 26 tr., agus tá cuma ar na bádaí seo go ḃfuil siad ag déanaṁ go maiṫ, agus go ḃfuil luċt gnóṫa agus luċt tiṫe ósta ag ceannaċt cuid ṁaiṫ acu ar sciaraċa, leis na daoine a ḃíos ag iascaireaċt. San áit a ḃfuiltear ag baint úsáid astu in ionad na gcurraċaí. tátar ag tógáil i ḃfad níos mó bradáin agus slig-éisc.

Tá bádaí den ċineál seo in úsáid ṫart fá Árainn Ṁór le fada an lá, agus na daoine breá sásta díoḃa. Ṫig na bádaí a úsáid fá ċoinniḃ iascaireaċt scadán agus maicréil agus iasc ḃána ċom maiṫ.

Aċ, tá Bord Iascaig Mara ag taiġdiú i gcónaí fá cineálaċa níos fearr, agus ar na dearaḋ bádaí den ċineál seo atá acu san am i láṫair, tá molaḋ mór ag dul don 'Seafarer', 'Islander,'' agus "Fisherman" agus is féidir ceann ar biṫ díoḃa sin a ḟáil faoi scéim cáirde Bord Iascaig Ṁara. Tá an Bord anois ag iarraiḋ ar daoine atá ag iarraiḋ bádaí nua. a gcuid ordaiṫe a ċuir isteaċ go lua, san dóiġe gur féidir tosaig orṫa in am, agus sa gcaoi naċ mbéiḋ díombá ar na h-iascairí an tEarraċ seo ċugainn.

Ḃí méadú mór ar luaċ an iasc mar a cuireaḋ i dtír an ċéad sé mí de 1965, 734,000 i gcomórtas le 641,000 ins na céad sé mí de 1964.

Ċuaig iasc íoċtair (trosc, hadoc. faoitín, plaice agus sole, ⁊rl.) suas 8,000 com. go dtí 140,000 com. ag luaċ ós cionn £500,000. Trosc agus hadoc is mó a ṁéadaig, agus ḃí a ṡlioċt orṫa. Baineaḋ úsáid as i ḃfad níos mó de sin ar ṁargaḋ na hÉireann féin.

Ṁéadaig an méid de iasc uaċtair (scadáin, siotáin, maicréil, ⁊rl.) ó 62,000 com. go dtí 106,000 com. ag luaċ £93,000. B'iad na scadáin a ba ṁó a ṁéadaig, agus tógaḋ níos mó siotáin ar an ċósta ṫoir fosta.

Ḃí an slig-éisc mar a ċéile, gan méadú ná ísliú don dá tréiṁ-se, ag £138,000.

Lean an t-árdú ar na foaċógaí go dtí luaċ £33,000.

Idir rud amáin agus rud eile, tá cuma air go ḃfuil ag méadú go rialta ar táirgeaḋ na h-iascaireaċta ṫart fá ċóstaí na hÉireann ,agus go dtig le fear óg ar biṫ a ḃeiṫ cinnte anois go mbeiḋ gléas beaṫa maiṫ le fáil aige san iascaireaċt.

Ag teastáil gan ṁoill, cuntóir mná i Scoil Náisiúnta Lán-Ġaelaċ, láiṁ do Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Bosca 123.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
18-9-65	11.44	——	11.01	23.40	9.37	22.13
19	00.23	13.00	——	12.17	10.43	23.39
20	01.50	14.27	1.07	13.44	——	12.11
21	3.19	15.46	2.36	15.03	1.02	13.43
22	4.30	16.48	3.47	16.05	2.21	14.53
23	5.26	17.40	4.43	16.57	3.19	15.48
24	6.12	18.25	5.29	17.42	4.10	16.37

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

Cogaḋ Nua

Tubaist ar ḃruim tubaiste. Agus seo á scríoḃ agam tá an Ind agus an Pacistan ag marú a céile agus 'ċuile contúirt ann go leaṫnóiḋ an clampar amaċ nó go mbeiḋ coṁaċtaí is láidre ná ceaċtar aca tarraingṫe isteaċ ann. Ba córa go mór ḋóiḃ, ṡílfeá, aire a ṫúirt do niṫe eile i dtosaċ báire agus iarraċt níḃ' ḟearr a ḋéanaṁ fóirṫint ar na mílte is na mílte dá muintir tá ag fáil ḃáis den ocras. Aċ ár ndó mo léan, níl aon deire le cuid amaidí an ċine daonna. B' ait liom féin ariaṁ go ḃféadfaí costas ċogaiḋ a úeasaṁ an uair nárḃ ḟéidir airgead a ḟáil ċun daoine a ḃeaṫnú nó maiṫ eicínt eile mar sin a ṫúirt i gcríċ. Anseo i Sasana, an t-am a raiḃ ḋá ṁilliúin duine gan obair gan airgead 'sna Triocaidí, níorḃ acṁainn don Stát, dá mb'ḟíor dí féin é. aon ċeo fóganta a ḋéanaṁ ar son na ndaoine sin; aċ a lua agus a fograíoḋ cogaḋ ḃíotas ag fáil na milliúin punt le ċaiṫeaṁ ar ġunnaí agus lón cogaiḋ. Ní foláir nó gur mioruílt eacnamaíoċta de ṡaġas eicínt faoi ndéar é.

Ní baileaċ go dtuigim féin go ró-ṁaiṫ céard is cionntsioċar leis an dá ċine seo a ḃeiṫ ċom mór sin in éadan a ċéile le fada an lá, ná ċun a ḃeiṫ macánta faoi, ní i gcónaí a ḟéadaim Indiaċ a aiṫneaċtáil ṫar Pacistani cé go ḃfuil smear-aiṫne agam ar riar Indiaig agus mé measarḋa ċáirdiúil le cúpla duine aca. Tá siúinéirí ar Indiaig iad ag obair ar an láṫair oibre ċéanna liom féin faoi láṫair na h-uaire agus meireaċ iad a ḃeiṫ ar a laġad sin Ḃéarla ċuirfinn ceist nó ḋó orra a ċuirfeaḋ ar m'eolas mé beagainín; aċ ṫárla iad a ḃeiṫ i dtaoḃ le cúpla abairtín simplí Ḃéarla níl aon ġrait agam ag fiaraí tada níba ḋeacra ná an t-am díoḃa. Dream ciúin láċ iad ar m'anam agus beannóiḋ siad go siḃialta duit i gcónaí; tá sé ráite fúṫa go mairfidís ar ḋíol naosc agus is maiṫ a ċreidfinn é arae ní ḃíonn dá gcuid lón aca aċ slámín rís ⁊ cuirríní trío nó brúitín eicint eile mar é. Aċ go deiṁin is mór idir a leiṫéid agus an tÉireannaċ a ċaiṫeas furmór a ċuid pái ar ḃiaḋ is ar ól; níl aon dream eile imirceánaig tá ċom ċaifeaċ linn féin pébi cé'n t-údar. Súḃáilce nó dúḃáilce é sin? Is dóilig a rá, aċ cé déarfaḋ naċ mó tá Sasana ag gnóṫaċtáil orrainne, Éireannaig, a ḋéanaṁ bunús na h-oibre móire agus a ċaiṫeann an luaċṡaoṫar arís a túisce is a ḃíos sé i gcúl glaice againn, ná ar na ciníoċa eile údan naċ ndéanann leaṫ an oiread oibre linn aċ a gcoiṁionn gréim daingean doċt ar a gcuid?

An Stailc

Faoim am a ḃeiḋ sé seo i gcló tá súil le Dia agam go mbeiḋ deire le stailc na gclódóirí, mar is boċt an níḋ é a ḃeiṫ gan ṗáipéar an ḟaid seo. Meireaċ INNIU is AMÁRAĊ agus na h-irisí Gaeilge b'ainnis an scéal againn é. Ár ndó, tá Radio Éireann ann, agus tráṫúil Dé ṫig liom féin é ḟáil réasúnta sóiléir mórán ċuile oíċe, aċ ar ċaoi eicínt ní ḃfuaireas féin ariaṁ oiread ṡásaiṁ ar an nuaíoċt a ċloisfinn ṫar aer is a ḃfaigfinn ar an rud a léigfinn. Is aisteaċ, freisin, an tionċar a ḃíonn ag stailc ar ḋaoine is ar niṫe aḃfad ó ḃaile. Mar ṡompla ḃí an fear siopa óna ḟaigim-se mo ṗáipéar laeṫúil Éireannaċ á rá liom an lá ċeana go ḃfuil sé féin ṫíos leis mar stailc.

"Cé'n ċaoi?" arsa mise, "na páipéirí Éireannaċ a ḃíoḋ á ndíol agat, ab' ea?"

"Ní h-iad na páipéirí féin," ar seisean, "mar naċ raiḃ an oiread sin ḃrabaig le fáil orra, aċ na niṫe eile le cois — tobac, milseáin, agus an ṁangarae eile fré ċéile a ḃínn á ndíol leis na hÉireannaig a ṫagaḋ isteaċ faoi ċoinne an "Press" nó an "Independent." Ó ṫosaig an stailc ċuir riár ṁaiṫ aca a n-ordú ar ceal agus is beag duine aca a ḃuaileann isteaċ sa siopa agam ċor ar biṫ anois." 'Ċuile fear agus a léan féin aige, fearaċt Máirtín Dan fadó!

Telefísiú Cluiċe

Fearaċt na mílte eile Éireannaċ ḃíos féin ag ḃreaṫnú ar Tiobrad Árainn ag buaċaint ar Loċ Garman Dia Doṁnaig seo caiṫe i bPáirc an Ċrócaig. Is ar ócaidí mar sin a ṫagann maolú ar mo ġráin féin ar an dtelefís. Tá a fios ag an lá beannaí gur ḃuail iarraċt de ṫoċt mé nuair a ċonaic mé an dá ḟoireann ag máirseáil amaċ ar an nglas agus nuair a ċualas an ceol ḃreá a ḃí á ṡeinm ag buaċaillí Artane. An tUaċtarán féin, fad saoil dó, ba ḃreá a ḃí sé ag feaċaint agus ċonaic muid beirt girrseaċ ḃeag gleoite ag riṫ suas staigre le linn an eadartráṫa. Nuair a ba léir dóiḃ go raḃadar braiṫte ag an gceamara ṫeiṫeadar leo as aṁarc mar ḋéanfaḋ peire éilit i gcoill, iad ag gáire go cuṫaileaċ agus ag cromaḋ a gceann. Pictiúr ċom nádúrṫa, taiṫneaṁaċ agus mar a ċonaiceas ar scáileán ariaṁ caiṫfiḋ mé rá agus maidir leis an gcaoi a léiríoḋ an cluiċe féin dúinn ní ċreidim go ḃfeicfeá a ḋaṫ níba ḟearr é dá mbeiṫeá suiṫe san ionaḋ is daoire i bPáirc an Ċrócaig. D'ḟéidir le Dia go mbeaḋ ó d'éirig ċom maiṫ le telefísiú an ḃáire go mbeaḋ deis againn ḃréaṫnú ar Gaillim agus Ciarraí i gCraoḃ na h-Uile Éireann?

Airím 'ċuile ḋuine anseo dá ṫuar gur ag Ciarraí a ḃéas an lá, aċ ní ḃeinn deiṁin ḋe sin mar adeir an fear eile. Ḃeiḋ le feiceáil!

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Polaitíoċt

Baol Dar Saoirse Geilleagraċ

Fearfeasa

Ḃí cúrsaí ciúin go maiṫ i riṫ an tsaṁraiḋ i gcúrsaí polaitíoċta. Ar ndóiġe, leis an Dáil scapṫe, agus Teaċtaí ar saoire, agus gan toġċán ar biṫ a' bagairt ins na cúpla mí roṁainn, tá sé le tuiscint go mbeaḋ siad suaiṁneaċ ar scor ar biṫ.

An t-aon rud amáin a ḃí mar áḃar cainte nó iarratas ceann an Ḟreasúra, an tUasal Mac Cosgar, ar an Dáil a ṫaḃairt le ċéile arís. Polaitíoċt a ḃí ann ar ndóig, agus ní ṫiocfaiḋ le duine ar biṫ a ḃeiṫ 'na ḋéiḋ air as seo, mar ,rud ar biṫ den ċineál seo go ndéanann an Freasúra cás mór de, caḃraíonn sé le poiblíoċt a ṫaḃairt díoḃa, agus iad a ċoinneáil os coṁair an tsúil poiblí.

San am ċéanna, tá rud beag imní agus ní gan fáṫ ar ċuid ṁaiṫ daoine tuiscionaċa in Éirinn faoi an idirḃeartaíoċt seo le Sasain. B'ḟearr i ḃfad dá mbeaḋ an idirḃeartaíoċt seo ar siúl nuair a ḃeaḋ an Dáil ina suí san dóig go ḃféadfaí an scéal a ṗlé, agus tuairimí do ṫaḃairt ó am go h-am, agus ceist a ċur fá conus mar a ḃí an idir-ḃeartaíoċt ag dul.

Aċ, is measa i ḃfad an scéal nuair atáimíd gan páipéir nuaíoċta, agus i muinín go mór ṁór an méid a ċuirtear ós ár gcoṁair ar Radio Éireann agus Telefís Éireann. Is maiṫ an rud go ḃfuil na paipéir ṫar nais againn. Agus is cinnte go ḃfuil rudaí troma ḋá ṗlé idir ionadaiṫe na hÉireann agus na Sasana san am i láṫair. Agus, tá na claonaḋ ann imeasc Stát-seirḃísí na hÉireann, a ḃeiṫ an iomad, agus i ḃfad in iomad i dtoileamaí ceangal le Sasain. Ċonaic muid fiú amáin i dtuarascáil an tseaċtain seo caiṫe, faoi mar a molaḋ go mbeaḋ tuilleaḋ ceangal leis na Sé-Condaeta. Dob' ḟurasta ar fad, cuid ṁaiṫ den méid atá bainte amaċ ag an tír seo, de ṫairḃe neaṁspleaċas eacnamaíoċta, a ċailleaḋ go h-iontaċ furastala idir - ḃeartaíoċt Stát-seirḃíseaċ, naċ ḃfeiceann an ċoill mar ġeall ar na crainn.

Tá, ċom maiṫ leis sin, daoine aiṫrid atá glóraċ go maiṫ, agus a ḃfuil an ċluas ṗoiblí acu, a ḃíos ag brú ar fad fá ċoinniḃ sciar níos mó do ṁargaḋ na Sasana. Tá sé seo fíor go speisialta fá luċt na mbullán agus luċt an eallaí: dream go ḃfuil i ḃfad níos mó éisteaċt le fáil acu anois, agus i ḃfad níos mó measa orṫa ná mar a ḃíoḋ insan am a ċuaig ṫart.

Tá siad sin ag déanaṁ go dtig leo sciar mór do ṁargaḋ talṁaíoċta na Sasana a ḟáil díoḃa féin, agus fiú amáin cuid de na deontaisí agus eile atá Sasain ag taḃairt do na cuid feirmeoirí féin. Agus, níl seans dá laġad acu na rudaí seo a ḟáil, mar go ḃfuil sé mar ṗolasaí ag an dá ṗáirtí ṁóra ansin, allṁuiriṫe a ġearraḋ anuas ċom fada agus is féidir, agus is mar ġeall ar sin atá na deontaisí seo ann, agus is cinnte naċ mbeiḋ feirmeoirí na hÉireann, inann buntáiste a baint astu.

Cad ċuige mar sin go mbeaḋ muid-ne ag taḃairt ar ṡiúl ár neaṁspleaċas eacnamaíoċta ⁊ i gcúrsaí capital aċ go háiṫrid?

Ḃí beagán nó mórán dó seo ḋá ḋéanaṁ ar fad, agus is cinnte cuir i gcás dá mbeaḋ Rialtas Ḟianna Fáil do fiċe bliain nó trioċa bliain ó ṡin ann arís, nuair a cuireaḋ an cáin 15 p.c. naċ nglacaḋ siad é ina suí síos mar a ġlac an Rialtas láiṫreaċ é.

Tá cosúlaċt ar an scéal go ḃfeiceann páirtí an Luċt Oibre go ḃfuil buntáiste polaitíoċta insan rud seo, agus rinne siad ionsaí ċom géar agus ċom tréan agus rinne an páirtí sin ariaṁ ar ṗolasaí an Rialtais, de ṫairḃe claonaḋ le margaḋ na Sasana tá tamall ó ṡoin. Tá seans go ḃféadfaiḋ Mac Feorais, agus páirtí an Luċt Oibre, céim taoḃ ṫiar, nó céim 'un tosaig Rialtas Fianna Fáil i gcúrsaí eacnamaíoċta a ġlacaḋ, má ḃíonn an conraḋ le Sasain, nuair a ṫiocfaḋ sé, ag ceangal na tíre seo an iomad le Sasain. Is maiṫ an rud mar sin, go ḃfuil an Páirtí Oibreaċais ann, agus go ḃfuil an bagairt ann le muintir Ḟianna Fáil a ċoinneáil níos clósáilte ⁊ níos díriġ ar ḃóṫair mór na saoirse, ó ṫaoḃ eacnamaíoċta de.

Fearfeasa.